

# Gluais Téarmaí

Áitigh	A chur ina luí ar dhuine rud éigin a dhéanamh trí réasúnaíocht nó argóint ina fhabhar.
Áitiú	Dul i bhfeidhm ar dhuine ionas go ndéanfaidh siad nó go smaoinoidh siad rud éigin.
Bonn tuisceana	Rud éigin a nglactar leis go coitianta a bheith fíor, gan aon fhianaise.
'Bréagnuacht'	Féach mífhaisnéis
Dearcadh	Barúil nó tuairim a bhíonn ag daoine faoi rud éigin
Duine cáiliúil mar ambasadóir	Duine cáiliúil agus deoch ar leith á hól nó guthán ar leith á úsáid san fhógraíocht chun go mbeadh móréileamh ar an deoch nó ar an nguthán sin
Faisnéis	Fíorais a chuirtear ar fáil nó a fhaightear amach mar gheall ar rud éigin nó ar dhuine éigin.
Fantaisíocht	Ag tarlú sa tsamhlaíocht, rud nach bhfuil ag tarlú san fhíorshaol.
Fírinne	Rud éigin atá ag tarlú san fhíorshaol.
Fógraíocht	D'fhéadfadh ceann amháin de cheithre aidhm a bheith ag an bhfógraíocht: rud éigin a insint dúinn a chaithfidh a bheith ar eolas againn, muid a mhealladh chun táirge a cheannach, ár n-iompraíocht a athrú ar bhealach éigin, nó dearcadh ar leith a chur chun tosaigh. Sa chomhthéacs sin, spreagann na teachtaireachtaí fógraíochta a fheicimid sna meáin muid chun táirge nó branda a úsáid nó a cheannach – bia, bréagáin, éadaí nó cluichí.
Fógraíocht faoi cheilt	Táirgí a ndéantar fógraíocht orthu le linn scannáin, nó ag imeachtaí spóirt nó ar bhealach caolchúiseach. Tugtar suíomh táirgí ar an gcineál seo fógraíochta freisin.
Lógó	Íomhá a shamhlaíonn daoine a bheith bainteach le táirge eg, tic an bhranda Nike, lógó Apple.
Mian	Rud éigin ar mhaith leat é a bheith agat, mar shampla bróga reatha ar leith, nó barra seacláide.
Mífhaisnéis	Faisnéis bhréagach nó mhíchruinn, go háirithe chun daoine a chur amú d'aon ghnó.
Na Meáin	An téarma a úsáidtear chun cur síos ar an gcumarsáid a bhfuil teachtaireacht ag gabháil léi.
Níos lú	Tá an chuma ar an saol go bhfuil sé 'níos lú'. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé an-éasca sa lá atá inniu ann teacht ar eolas faoi aon rud faoin spéir.
Riachtanas	Rud éigin atá agat, rud éigin nach féidir leat déanamh gan é, mar shampla aer nó uisce
Sluán	Frása a fhanfadh leat, chun daoine a mhealladh táirge a cheannach nó a úsáid.
Steiréitíopa	Lipéad a chuirtear ar ghrúpa daoine bunaithe ar bhoinn tuisceana cúngaigeanta.
Steiréitíopáil	Lipéadú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a bhfuil saintréithe i gcoitinn acu, mar shampla pearsantachtaí, mianta, nó saintréithe eile.
Suíomh táirge	Nuair a íocann cuideachtaí ionas go mbeadh a dtáirgí ina scannáin nó ar an teilifís.
Táirge	Bia, éadaí, leabhair bréagáin agus teicneolaíocht.